Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Rannpháirtíocht Ghníomhach agus Guth Scoláirí i nGníomhartha Saoránachta



Oide OSSP

CC BY NC

Oide

Déan scanadh orm

Oide Liostaí Seachadta

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Fhoghlaim i bhFócas

Oide

Fiosróidh muid an dóigh chun tacú le rannpháirtíocht scoláirí laistigh de OSSP trí:

- Smaoineamh ar chuir chuige a spreagann guth gníomhach scoláirí agus gníomhú scoláirí
- Chleachtais ranga a fhiosrú a thacaíonn le rannpháirtíocht fhiúntach leis an nGníomh Saoránachta

# OSSP

Oide

- Cuid thábhachtach den chlár Folláine
- Cuireann OSSP saoránacht **ghníomhach** mhachnamhach ag croílár an phróisis foghlama
- Cuidíonn OSSP le scoláirí **a bhfuil ar siúl sa domhan** a cheistiú, a léirmheas agus a mheasúnú
- Spreagann OSSP scoláirí le machnamh ar conas todhchaí **níos inbhuanaithe a chruthú do chách**


☐ Cearta agus Freagrachtaí – Snáithe 1

☐ Saoránacht Dhomhanda – Snáithe 2

☐ An Daonlathas a fhiosrú – Snáithe 3


Cúrsa Gearr
Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil
(OSSP)
Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach
Márta 2021

# Caidrimh a Fhorbairt sa Phobal níos Leithne Tríd an Rang OSSP





## Obair le Daoine Eile

- An dea-chaidreamh a fhorbairt
- Ag comhoibriú
- Ag cuidiú le háit níos fear a dheanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile


## Caidrimh

- Caidrimh idir an scoláire agus an múinteoir
- Caidrimh le piaraí
- Guth an scoláire
- Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bpobal agus tacaíochtaí níos forleithne



# Ag Tacú le Rannpháirtíocht Ghníomhach agus Guth Scoláirí i nGníomhartha Saoránachta

Oide



# Rannpháirtíocht Scoláirí in OSSP

Oide




"Cuidíonn sé le scoláirí a bhfuil ar siúl sa domhan a cheistiú, a léirmheas agus a mheasúnú; tugann sé tuiscint do scoláirí ar a gcearta an duine agus a bhfreagrachtaí sóisialta; spreagann sé scoláirí le machnamh ar conas todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do chách; cothaíonn sé feasacht ar cad is ciall le maireachtáil go freagrach i ndaonlathas" lch. 4




"Laistigh de thírdhreach oideachais atá ag athrú, ina n-aithnítear ceart an duine óig go gcluinfear a ghuth maidir le nithe a imríonn tionchar air, tá feasacht ann atá ag méadú nach leor guth. Príomhcheist is ea conas a chinntiú go bhfuil fíorbhrí lena rannpháirtíocht." lch. 24


Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Múnla don Rannpháirtíocht

Oide

- **Spás**: deiseanna a thabhairt atá sábhailte agus ionchuimsitheach chun a ndearcthaí a dhéanamh agus a chur in iúl
- **Guth**: iad a éascú chun a ndearcthaí a chur in iúl ar dhóigh atá ag fóirstean dóibh
- **Lucht éisteachta**: ba cheart go n-éistfeadh duine atá in ann athrú a dhéanamh lena ndearcthaí
- **Tionchar**: ní mór gníomhú ar a ndearcthaí, de réir mar is cuí



# Smaointe maidir le Tacú le Rannpháirtíocht Fhiúntach ag Scoláirí

Oide

| Space | Voice | Audience | Influence |
|---|---|---|---|
| Provide a safe and inclusive space for young people to form and express their views | Provide appropriate information and facilitate the young people to form and express their views | Ensure that young people's views are communicated to someone with the responsibility to listen | Ensure that young people's views are taken seriously and acted upon, where appropriate |
| • Are the young people affected by this issue involved?<br>• Are steps taken to ensure that the process is inclusive?<br>• Do the young people feel safe to express themselves freely in the space?<br>• Are the young people who are interested in the issue involved?<br>• Are the young people involved from the start? | • Do the young people have the information they need to form a view?<br>• Are the young people given a range of options on how to express themselves?<br>• Do the young people know to whom their views will be communicated?<br>• Does the process include opportunities for young people to identify issues that they want to discuss?<br>• Do the young people know they have a choice about their participation? | • Are the right decision-makers involved, i.e. those responsible for decision making on this issue?<br>• Have these decision makers committed to taking the young people's feedback seriously?<br>• Is there a process in place to ensure that the young people's voices are given due weight and consideration?<br>• Are there plans to have the young people involved in presenting their views | • Are the young people clear about the scope of their influence, (opportunities and limitations)?<br>• Will young people be given feedback explaining the reasons for decisions taken?<br>• Will the young people be given an easily accessible summary of their views?<br>• Do the young people know who the key decision makers involved are? |

Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, lch. 26

# Guth na Scoláirí sa Rang OSSP

Oide

Cad iad na deiseanna atá ag scoláirí sa rang OSSP chun a nguth a úsáid agus chun roghanna a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama?



# Guth Scoláirí a Fhiosrú

Oide

- Naisc leis an bpobal níos leithne atá ann cheana féin a aithint
- Bealaí eile a aithint chun bheith páirteach
- Deiseanna/imeachtaí atá ann cheana féin a mheas
- Deiseanna/imeachtaí a fhiosrú a d'fhéadfadh siad a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích
- Thiocfadh tábhacht sa bhreis a bheith ag ionaid agus dátaí ag brath ar an teachtaireacht nó ar an ionchur ba mhaith leis na scoláirí a dhéanamh
- Deiseanna chun dul chun cinn agus foghlaim a chur i láthair
- Ag athmhachamh ar ghníomh agus ar thionchar

# Gníomhú i nGníomhartha Saoránachta

Is cuid thábhachtach an OSSP de chlár folláine laistigh den tsraith shóisearach nó cuireann sé ar chumas scoláirí a bhfeasacht a mhéadú ar conas atá a bhfolláine nasctha le folláine daoine eile, go háitiúil agus go domhanda.

Cúrsa Gearr Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, lch. 4



# Ghníomh Saoránachta in OSSP

- Táthar ag súil leis go mbeidh scoláirí páirteach i ngníomhaíocht mar chuid dá bhfoghlaim i ngach ceann de na trí shnáithe.
- Is táscach atá na samplaí sa tsonraíocht chan saintreorach.
- D’fhéadfaí scoláirí a spreagadh le dialann mhachnaimh a choinneáil le cuidiú leo machnamh ar a bhfoghlaim tríd an gcúrsa.



# Cad iad na Smaointe a Dhéanann Eolas do Ghníomhartha Saoránachta?




# Gníomh Bríoch

Oide

“Faightear comhtháthú idir gach ceann de na trí shnáithe idir an fhoghlaim chomhoibríoch agus ghníomhach agus forbairt scileanna sa tsaoránacht, sa taighde, sa mhachnamh agus sa ghníomh.”

Cúrsa Gearr Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, Ich.10



# Fianaise an Mhúinteora

Oide

**Are there particular approaches that you find effective for empowering student engagement?**

Micheál Ó Coileáin
Múinteoir OSSP
Coláiste na Trócaire,
Ráth Caola,
Contae Luimnigh

# Féilire Samplach, 202-

- Cad é mar is féidir le ham tráthúil imeachtaí ar scoil (nó sa phobal áitiúil) tús maith a thabhairt do scoláirí lena nGníomh Saoránachta?
- Chomh maith le himeachtaí ionscoile, cad iad na himeachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ar siúl sa phobal áitiúil, go náisiúnta nó sa domhan ina mbeadh scoláirí páirteach iontu?

5 Eanáir, Scoil ar oscailt arís don téarma nua

12-14 Eanáir, Baile Cúplach – scoil ón Laitvia ar cuairt

2 Feabhra, lá saoire bainc in ómós do Naomh Bríd

9-13 Feabhra, Seachtain na Saoránachta Domhanda 202-

16 Feabhra, sos lár téarma

Márta 4, TD chun ceantar nua bithéagsúlachta na scoile a oscailt go hoifigiúil

8 Márta, Lá Idirnáisiúnta na mBan

23 Márta, Cruinniú ag Comhairle na Scoláirí le scoláirí sa Dara Bliain

6 Aibreán, Scoil druidte don Cháisc

# OSSP Cúrsa Gearr

## Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí

### Dínit an duine – an bunús le cearta an duine

1.1 a phlé cad a chailaalíonn sé bheith daonna agus maireachtáil I bpobal le cearta agus le freagrachtaí
1.2 láithriú físe a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna
1.3 míniú a thabhairt ar ordlathas éilimh an duine agus ar an gcaoi a mbaineann sé sin le cearta an duine
1.4 sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais

### Ionstraimí chearta an duine

1.5 scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine
1.6 amlíne a chruthú a rianaíonn cad as ar tháinig coincheap chearta an duine, a léiriú cúigear nó níos mó de phríomhdhátaí, imeachtaí, daoine agus cáipéisí
1.7 tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNACL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine
1.8 samplaí a aithint de chearta sóisialta, cultúrtha, teanga, eacnamaíocha, saoránachta, creidimh, comhshaoil agus polaitiúla
1.9 peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta
1.10 a léiriú go dtuigeann siad a bhfreagracht féin chun a gcuid cearta an duine féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
1.11 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti

### Gníomhartha Samplacha

- Maítear in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go mbíonn 'an ceart ag daoine óga chun a dtuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil agus aird a thabhairt ó dhaoine fásta ar cheisteanna a théann i gcion orthu.' Déan iniúchadh ar an gcaoi a dtacaíonn do scoil leis an éisteacht le daoine óga agus a rannpháirtíocht a thabhairt san áireamh sa chinnteoireacht faoi chúrsaí a théann i bhfeidhm orthu ar scoil agus comhroinn do thorthaí.
- Aithin ábhar imní faoi chearta an duine agus bí páirteach le duine aonair, le grúpa, le heagraíocht nó le feachtas éigin a dhíríonn ar an ábhar sin.
- Déan brú-stocaireacht le roinn rialtais faoi cheist maidir le cearta an duine ar ceist phearsanta agus/nó imní do dhaoine óga í.
- Déan suirbhé a dhearadh agus a stiúradh le fáil amach an méid atá ar eolas ag piaraí/baill teaghlaigh agus a shíleann siad faoi cheist éigin maidir le cearta an duine nó cearta an linbh. Comhroinn do thorthaí le rannpháirtithe an tsuirbhé agus le duine éigin ar féidir leo tionchar a fheidhmiú ar chúrsaí.
- Foilsigh alt, blag, vlag, podchraoladh (nó a macasamhail) maidir leis an gcaoi a chaitear le mionlach éigin in Éirinn, ina ndéantar tagairt d'ionstraim amháin nó níos mó maidir le cearta an duine agus/nó do reachtaíocht comhionannais, arb ábhartha don cheist iad.
- Eagraigh ceiliúradh le comóradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine le daoine a chur ar an eolas faoin CNACL, DUCD nó CECD; agus/nó, faoi eagraíochtaí a oibríonn i réimse chearta an duine in Éirinn.
- Déan taighde ar an tionchar le dúshlán domhanda amháin (cosúil le COVID-19, cailliúint na bithéagsúlachta, an t-athrú aeráide, an bhochtaineacht) ar chearta an duine do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn nó sa Domhan Theas.
- Eagraigh aoichainteoir(í) le labhairt leis an rang/scoil maidir le ceist éigin faoi chearta an duine/chearta an linbh ar ceist inspéise/ábhar imní é.

## Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda

### Inbhuanaitheacht

2.1 a chur in iúl conas atá siad nasctha le agus spleách ar éicea-chórais, daoine agus áiteanna i ngar agus i gcéin

2.2 meabhrú ar shainmhínithe éagsúla ar an bhforbairt agus a sainmhíniú féin a cheapadh den fhorbairt inbhuanaithe
2.3 láithriú físe a chruthú de shonraí ina léiríonn siad a lorg éiceolaíoch
2.4 plé a dhéanamh ar straitéisí inbhuanaitheachta ar féidir le daoine aonair, pobail, gnóthais, an talmhaíocht agus rialtais a úsáid le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide

### Forbairt áitiúil agus dhomhanda

2.5 scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú
2.6 tuairim eolach a chur in iúl faoi bhunchúiseanna na bochtaineachta, idir áitiúil agus dhomhanda
2.7 plé a dhéanamh le fianaise, ar na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha le forbairt ina gceantar áitiúil féin

### Athrú domhanda a chur i gcrích

2.8 duine amháin agus institiúid amháin a shainaithint a bhfuil cumhacht agus tionchar acu sa domhan inniu, mínigh ról na beirte acu
2.9 anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha
2.10 meastóireacht a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir leo rannchur leis an bhfreagairt ar dhúshlán amháin atá os comhair an domhain san am i láthair
2.11 iniúchadh a dhéanamh ar fheachtas d'athrú i réimse na hinbhuanaitheachta agus measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna nár éirigh leis an bhfeachtas sin
2.12 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti

### Gníomhartha Samplacha

- Cruthaigh múrmhaisiú nó clár fógraí don "fholláine", ar a n-aibhsítear an nasc idir folláine daoine agus folláine na cruinne.
- Eagraigh díospóireacht ranga maidir le saincheist éigin faoin bhforbairt áitiúil nó dhomhanda.
- Déan taighde ar chás-staidéir le fáil amach faoin gcaoi a bhfuil cúnamh forbartha oifigiúil (CFO) na hÉireann ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus le neamhionannais i dtíortha faoi leith.
- Scríobh litir nó ríomhphost chuig polaiteoirí nó chuig na meáin maidir le ceist áitiúil nó dhomhanda ar ábhar imní é.
- Déan tomhas ar thionchar iarrachtaí do ranga chun do thionchar ar ár gcruinne a laghdú thar thréimhse chomhaontaithe trí chomhlorg éiceolaíochta roimh an tionchar sin agus ina dhiaidh a ríomh.
- Fiosraigh úsáid na healaíne, na coiméide, na drámaíochta, na filíochta, an cheoil, na taispeána digití nó físeáin (nó a macasamhail) leis an gcaoi le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide a chur in iúl.
- Eagraigh tobshiopa babhtála faisin le héadaí a athchúrsáil agus le feasacht a spreagadh faoin tsiopadóireacht inbuanaithe.
- Tabhair cuireadh d'aoichainteoir(í) labhairt leis an rang/scoil maidir le ceist éigin faoin bhforbairt áitiúil nó dhomhanda ar ceist inspéise/ábhar imní í.
- Eagraigh cuairt ar eagraíocht nó pobal atá dírithe ar cheisteanna inbhuanaitheachta.
- Tacaigh le hobair eagraíochta neamhrialtasaí (ENR) atá ag obair le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais áitiúla nó dhomhanda, trí thacaíocht a thabhairt dá n-iarrachtaí spreagtha feasachta, feachtasaíochta nó tiomsaithe airgid.

## Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú

### Ciall an daonlathais

3.1 láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu
3.2 cur síos a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus róil ghrúpaí difriúla ina rang/scoil
3.3 cur síos a dhéanamh ar struchtúir dhaonlathacha don chinnteoireacht ar leibhéil rialtais áitiúil agus náisiúnta
3.4 an téarmaíocht cheart a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar institiúidí, struchtúir, páirtithe polaitiúla agus róil na hÉireann agus na hEorpa
3.5 comparáid a dhéanamh idir dhá chóras rialtais nó níos mó, agus aird ar leith a dhíriú ar na bealaí ina n-idirghníomhaíonn an stát lena shaoránaigh, agus inar féidir le saoránaigh a stát a mhúnlú
3.6 láidreachtaí agus laigí an phróisis dhaonlathaigh a phlé

### An dlí agus an saoránach

3.7 dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena saol féin
3.8 a mhíniú conas a dhéantar agus a chuirtear dlíthe i bhfeidhm, agus a fhabhraíonn siad le himeacht aimsire
3.9 ról agus ábharthacht cúirteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhíniú
3.10 na naoi bhforais a ainmniú faoina bhfuil idirdhealú mídhleathach i ndlí na hÉireann, agus samplaí a thabhairt
3.11 fiosrú a dhéanamh conas a d'úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí

### Ról na meán i sochaí dhaonlathach

3.12 taiscéaladh a dhéanamh ar ról na meán éagsúil le faisnéis agus nuacht a ghiniúint agus le measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na mí-bhuntáistí le gach ceann acu
3.13 cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i gceann amháin acu seo:
- gluaiseacht um chheartas sóisialta
- toghchán nó reifreann polaitiúil
- fiosrúchán coiriúil
- gluaiseacht chomhshaoil

3.14 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti

### Gníomhartha Samplacha

- Samhlaigh go bhfuil tú san iomaíocht do thoghchán, ceap suaitheantas agus póstaer toghchánaíochta a bheidh deartha chun vótálaithe ionchasacha a chur ar an eolas faoi do chuid tosaíochtaí agus tograí.
- Suirbhé a dhéanamh le smaointeoireacht scoláirí faoi na próisis chinnteoireachta i do scoil a fháil amach agus faoin gcaoi a d'fhéadfaí iad a fheabhsú agus na torthaí a chomhroinnt.
- Rannpháirt a ghlacadh sa chomhaireamh toghcháin trí úsáid an chórais vótála ionadaíochta cionmhaire. Cuir an córas ionadaíochta cionmhaire i gcomparáid le córas vótála amháin eile.
- Eagraigh bréagthoghchán nó bréagreifreann go comhthreomhar le toghchán/reifreann san fhíor-am agus cuir na torthaí i gcomparáid a chéile.
- Léirigh físeán gearr, beochan (nó a mhacasamhail) le míniú agus comparáid a thabhairt ar an dá chóras rialtais éagsúla.
- Glac páirt i ndíospóireacht faoin togra seo a leanas: ní theastaíonn an vóta ó dhaoine óga le cumhacht agus tionchar a fheidhmiú ar shaol ár linne.
- Dear cluiche nó grafaic faisnéise chun chuidiú le do chomhscoláirí tuiscint a fháil ar shaothair an Bhinse Comhionannais, na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine nó na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.
- Úsáid nó cruthaigh íomhánna (gan focail ar bith) leis na naoi bhforas a léiriú faoina dtoirmisctear an leithcheal mhídhleathach in Éirinn. [Tabhair faoi deara: urramaigh an cóipcheart]
- Déan iniúchadh ar an gcaoi a dtuairiscíonn na soláthraithe meán faoi cheist áitiúil, náisiúnta nó dhomhanda nó faoi ní éigin is ábhartha do do chúrsa OSSP.
- Cruthaigh treoir feasa do dhaoine a dteastaíonn uathu a bheith ina saoránaigh ghníomhacha ar líne, maille le gluais d'eochairthéarmaí, próifílí de na hardáin mheán sóisialta ábhartha, agus cás-staidéir ar dhaoine aonair nó grúpaí a d'úsáid na hardáin sin le hathrú dearfach a chruthú inár saol.
- Déan iniúchadh ar úsáid meán sóisialta ag polaiteoir amháin nó níos mó.

# Tacaíochtaí don Ghníomh Saoránachta

Oide

Oide

### Tacaíocht do Ghníomh Saoránachta OSSP – Rianaire Múinteoirí

Is féidir an acmhainn seo a úsáid chun tacú le múinteoir a dhéanann maoirseacht ar Ghníomh Saoránachta. Déanann scoláirí in OSSP ar a laghad trí Ghníomh Saoránachta, agus ceann amháin ar a laghad ó gach snáithe.

| | |
|---|---|
| Rang/Grúpa | |
| Teideal an Ghnímh | |

**1: Saincheist**

□ D'aithin aicme/grúpa beag saincheist ábhartha fhiúntach a bhaineann le sonraíocht an chúrsa (Saincheist dhírithe atá sainithe go soiléir).
□ Is féidir le rang/grúpa beag a mhíniú cén fáth a bhfuil an cheist seo tábhachtach agus ábhartha (Míniú soiléir, a bhfuil tacaíocht mhaith leo).

**Dáta/Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn, Nótaí, nó Moltaí:**

________________________________________
________________________________________
________________________________________

**2: Taighde**

□ D'úsáid rang/grúpa beag ar a laghad 3 fhoinse iontaofa agus éagsúla (Úsáid foinsí inchreidte, éagsúla).
□ Tá príomhfhíricí agus fianaise curtha i láthair go soiléir ag rang/grúpa beag (Fianaise ar thuiscint agus ar anailís).
□ Tá tuairimí agus dearcthaí éagsúla (Taighde cothromaithe) curtha san áireamh ag an rang/grúpa beag.

**Dáta/Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn, Nótaí, nó Moltaí:**

________________________________________
________________________________________
________________________________________

**3: Gníomhartha**

□ Tá dhá ghníomh réadúla agus indéanta ar a laghad aitheanta ag rang/grúpa beag (Tá na gníomhartha soiléir, réalaíoch agus indéanta).
□ Tá measúnú déanta ag an rang/grúpa beag ar láidreachtaí agus ar laigí gach gnímh (Smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh ar thionchar).

**Dáta/Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn, Nótaí, nó Moltaí:**

Oide

### Tacaíocht do Ghníoh Saoránachta OSSP - Scoláirí

Is féidir an acmhainn seo a úsáid chun tacú le scoláirí gníomhartha saoránachta OSSP na Sraithe Sóisearaí a phleanáil, a thaighde, a léiriú agus gníomhú orthu.

**Céim 1: Saincheist a aimsiú ar cás liom í**

Cén cheist a mbím paiseanta fúithi?

Smaoinigh ar fhadhbanna i mo phobal áitiúil nó ar shaincheisteanna domhanda a bhíonn ag déanamh imní dom. D'fhéadfadh rud ar bith a bheith ann: athrú aeráide, meabhairshláinte, bochtaineacht, comhionannas, srl.

□ Tá saincheist i mo cheann a mbím buartha fúithi:

________________________________________

□ Is féidir liom a mhíniú cén fáth a bhfuil an cheist seo tábhachtach dom:

________________________________________
________________________________________
________________________________________

**Aiseolas a Lorg:**

Cé ar féidir liom aiseolas a iarraidh uaidh faoi mo rogha?

D'fhéadfainn ceist a chur ar chomhghleacaí ranga, ar mhúinteoir nó ar bhall teaghlaigh faoi cé acu a cheapann siad go bhfuil an cheist atá roghnaithe agam tábhachtach nó ábhartha.

□ Fuair mé aiseolas ar an gceist a roghnaigh mé ó:

________________________________________

□ An t-aiseolas a fuarthas:

________________________________________

□ Conas a úsáidfidh mé an t-aiseolas:

________________________________________

**Céim 2: Taighde a dhéanamh ar an gceist**

Cad é a chaithfidh a bheith ar eolas agam faoin gceist seo?

Cuardaigh faisnéis iontaofa a mhíníonn an cheist. D'fhéadfadh ailt nuachta, tuarascálacha, leabhair, nó suíomhanna ghréasáin ó fhoinsí iontaofa a bheith i gceist leis sin.

**Ábhair foghlama ghairmiúla**

Ceardlann EFG 2024/2025

**Seisiún 3 Acmhainní**

Tacaíocht do Ghníomh Saoránachta OSSP – Rianaire Múinteoirí

Tacaíocht do Ghníoh Saoránachta OSSP – Scoláirí

# Fianaise an Scoláire




Scoil Chonglais, Scoil Iar-bhunscoile,
Bealach Conglais, Cill Mhantain

# Cad é mar a Thacaíonn tú le Rannpháirtíocht Fhiúntach an Scoláire sa Ghníomh Saoránachta?


Cad is Gníomh Saoránachta ann a thugann tacaíocht?




Cad is Gníomh Saoránachta ann a thugann dúshlán?


# Cad é mar Is Féidir Linn Tacú le hAthmhachnamh Scoláire atá Fiúntach sa Rang OSSP?

Oide




""De réir mar ghlacann foghlaimeoirí páirt ghníomhach i sraitheanna de bheith ag tuar, ag gníomhú agus ag athmhachnamh, is féidir leo braistint freagrachta a thógáil ar an ábhar go mothaíonn siad nasc níos láidre leis na saincheisteanna agus leis na fadhbanna atá faoi chaibidil."

OECD Future and Education Skills 2030
Conceptual learning framework, Ich.7


Oide


Athmhachnamh ar mo Ghníomh

| | |
|---|---|
| An fáth ar roghnaigh mé an gníomh seo? | An méid a raibh mé/muid ag dúil leis? |
| An dóigh ar chuir mé leis an ngníomh? | Cad é a d'fhoghlaim mé faoin topaic / faoin tsaincheist? |
| Cad iad na scileanna a d'fhorbair mé ar bhonn indibhidiúil nó i gcomhpháirt le daoine eile? | Cad é mar a athraíodh, a ceistíodh nó a deimhníodh mo dhearcthaí/mo mheonta? |
| Cad é ba mhaith liom níos mó a fháil amach faoi? | Cad é an léargas iomlán a fuair mé ar mo chuid foghlama? |

# Compás Foghlama 2030 de chuid ECFE agus Gníomhú

"Nuair is gníomhaithe iad na scoláirí ina gcuid foghlama, is mó seans go 'bhfoghlaimeoidh siad an dóigh chun foghlaim' – scil luachmhar a bheidh acu chun úsáid ar feadh an tsaoil."


OECD Future and Education Skills 2030
Conceptual Learning Framework, lch. 2





OECD Future of Education and Skills 2030 lch. 61

# Measúnú Rangbhunaithe
# Taifead ar Ghníomh Saoránachta

- Táthar ag dréim leis go gcruthóidh an scoláire Taifead ar Ghníomh do cheann amháin acu seo ina Measúnú Rangbhunaithe.
- Cruthaíonn na scoláirí an taifead seo chun an dóigh a ndeachaigh siad i ngleic go gníomhach le saincheist OSSP dá rogha a thaispeáint, ag léiriú a gcuid foghlama, a scileanna,  a rannpháirtíocht agus a machnamh.
- Is féidir an measúnú rangbhunaithe don ghearrchúrsa OSSP a chríochnú sa dara bliain nó sa tríú bliain.
- Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i bhformáid scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime agus féadfar tacú leis sna formáidí seo trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.



# Na Gnéithe Cáilíochta




OSSP na Sraithe Sóisearaí
Measúnú Rangbhunaithe

NCCA

Abhaile

## NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA

### Thar barr ar fad

- Léirítear sa taifead ar ghníomh mar a thug an scoláire go hiomlán agus go héifeachtach faoi ghníomh fónta.
- Tá caighdeán den scoth i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach cuimsitheach, cruthaitheach atá thar a bheith éifeachtach.

### Os cionn na n-ionchas

- Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach ar thug an scoláire faoi ghníomh fónta.
- Tá caighdeán maith i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach eagraithe, cruthaitheach agus éifeachtach.

### Ag teacht leis na hionchais

- Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach ar thug an scoláire faoin ngníomh.
- Tá roinnt fianaise ann ar mhachnamh pearsanta ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead ar ghníomh i láthair ar bhealach eagraithe ina bhfuil roinnt cruthaitheachta.

### Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- Tá fianaise theoranta ann ar rannpháirtíocht phearsanta sa ghníomh a rinneadh.
- Tá fianaise an-teoranta ann ar mhachnamh an scoláire ar a chuid foghlama.
- Tá achoimre an-bhunúsach ar fhaisnéis sa taifead ar ghníomh cé gur beag soiléireacht nó cruthaitheacht atá ann

# Cad é mar a Spreagann tú Cruthaitheacht sa Taifead ar Ghníomh Saoránachta?

Oide

- Fadhbréiteach
- Smaointe a léiriú
- Cur chuige ilmheán
- Athmhachnamh
- Smaointeoireacht Chriticiúil
- Feasacht ar an lucht féachana
- Fiosracht

OSSP na Sraithe Sóisearaí
Measúnú Rangbhunaithe

NCCA

Abhaile

NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA

Thar barr ar fad

- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach cuimsitheach, cruthaitheach atá thar a bheith éifeachtach.

Os cionn na n-ionchas

- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach eagraithe, cruthaitheach agus éifeachtach.

Ag teacht leis na hionchais


- Cuirtear an taifead ar ghníomh I láthair ar bhealach eagraithe ina bhfuil roinnt cruthaitheachta.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- Tá achoimre an-bhunúsach ar fhaisnéis sa taifead ar ghníomh cé gur beag soiléireacht nó cruthaitheacht atá ann.

# Tacaíochtaí don Mheasúnú Rangbhunaithe atá ann Cheana Féin

- Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach
- 2019 NCCA Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí d’Obair Scoláirí
- Treoirlínte le hAghaidh Folláine 2021


OSSP na Sraithe Sóisearaí
Measúnú Rangbhunaithe
NCCA

CLASSROOM BASED ASSESSMENT

CENTER PARCS –
AN INVESTIGATION ON ITS IMPACT ON LOCAL DEVELOPMENT IN BALLYMAHON

OSSP na Sraithe Sóisearaí
Measúnú Rangbhunaithe
NCCA

TORTHAÍ FOGHLAMA I BHFÓCAS

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

1.11 sa léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint.

2.9 anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha.

2.10 a mheas conas is féidir leis cabhrú i leith dúshlán amháin atá roimh an domhan san am i láthair.

2.12 machnamh a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo.

AINM AN MHEASÚNAITHE RANGBHUNAITHE

*Gníomhú ar an athrú aeráide*

AN COMHTHÉACS TEAGAISC AGUS FOGHLAMA


Chuaigh na scoláirí i ngleic le roinnt ceachtanna roimh an MRB seo ina díríodh ar an méid a d’fhoghlaim siad sa chéad bhliain faoi chearta an duine/dhínit an duine a nascadh le saincheist an athraithe aeráide. Scrúdaigh siad saincheist an athraithe aeráide ag cur na míreanna seo a leanas san áireamh: iarmhairtí, cúiseanna, tionchar (ar chearta an duine go háirithe) agus réitigh. D’fhiosraigh scoláirí an nasc idir an tsaincheist seo agus Spriocanna Domhanda na NA.

Tugadh an tasc a bhaineann leis an bhfoghlaim sin dóibh agus iarradh orthu feasacht a ardú faoi shaincheist domhanda an athraithe aeráide ag díriú ar na rudaí is féidir le daoine a dhéanamh le dul i ngleic leis na cúiseanna agus le roinnt réiteach.

www.curriculumonline.ie

# Athmhachnamh

Oide



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tacaíochtaí atá ann Cheana Féin

- Eispéireas Foghlama Gairmiúla do Lá Iomlán san Earrach
- Tacaíocht Scoile
- Suíomh Oide
- Scoilnet



# Focal Scoir

Oide

